



UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Éire
University College Cork, Ireland

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
University College Cork
National University of Ireland, Cork**

**Quality Improvement/Quality Assurance
Feabhsú Cáilíochta/Dearbhú Cáilíochta**

Tuairisc an Phiarghrúpa Athbhreithnithe

Ionad na Gaeilge Labhartha

Bliain Acadúil 2010/11

Faoi Rún

19 Aibreain 2011

Baill an Choiste

1. An tOllamh Liam Mac Mathúna, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Cathaoirleach)
2. Pádraig Ó hAoláin, Údarás na Gaeltachta
3. An Dr Diarmait Mac Giolla Chríost, Ollscoil Cardiff
4. An tOllamh Des MacHale, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
5. An Dr Rónán Ó Dubhghaill, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Rúnaí).

Réamhrá

- Bhí na daoine go léir ar bhuail an Piarghrúpa Athbhreithnithe (PGA) leo rannpháirteach go cuiditheach sa phróiseas le linn an Athbhreithnithe Cáilíochta.
- Tugadh suntas don suíomh lárnach atá ag an Ionad agus d'fheiceáilacht na Gaeilge go ginearálta.
- Bhí foireann IGL rannpháirteach sa phróiseas ar leibhéal den scoth agus thug an PGA suntas d'ardchaighdeán na cáipéisíochta a cuireadh ar fáil roimh an gcuart. Déiléaladh le pointí soiléirithe láithreach bonn le linn na cuairte. Ghlac an IGL tosaíocht agus sholáthraigh cáipéisíocht bhreise agus an chuairt ar siúl. Cuireadh aon cháipéisíocht bhreise a iarradh ar fáil gan aon mhoill.
- Tá an fhoireann an-dearfach agus muiníneach astu féin. Is léir go bhfuil *esprit de corps* maith ann agus bród maidir le COC. Tá an fhoireann óg agus tá meascán maith ó thaobh aoiseanna agus inscne. Oibríonn siad mar fhoireann.
- Áiseanna maithe ó thaobh leabharlainne, córas ríomhaireachta. Trealamh iontach. Seomra breá teagaisc.

- Deineadh tagairt don phróiseas féin. Dúradh go raibh gá le hé a mhíniú níos fearr don fhoireann roimh ré.
- Ceangal láidir leis an gcathair, ach dúshlán de bharr easpa lárionad Gaeilge sa chathair.
- Caidreamh maith idir IGL agus cumainn na mac léinn, mar shampla An Chuallacht, Áras Uí Thuama, Cumann na Drámaíochta.

Amchlár an Turais ar an Ionad

Tá amchlár an turais ar an Ionad istigh i bhForoinn A. Tá an Coiste Iniúchta an-bhuíoch as an tslí éifeachtach inar eagraigh an Oifig Feabhais an turas ar fad. Táimid an-bhuíoch freisin as an seans a fuairamar bualadh le raon leathan ionadaithe de na daoine éagsúla a ghlacann páirt in imeachtaí an Ionaid agus le roinnt d'Údaráis COC atá bainteach leis an Ionad.

Piarathbhreithniú

Modheolaíocht

D'oibrigh an PGA mar fhoireann ar feadh an ama. Dhréachtaigh an PGA an tuairisc ar an lá deireanach den chuairt. Tugadh an tuairisc chun críche trí chumarsáid ríomhphoist ina dhiaidh sin. Bhí baill uile an PGA rannpháirteach i scríobh na tuairisce as Gaeilge agus as Béarla.

Turas ar an Láthair

Thug an grúpa turas ar oifigí agus láthair an Ionaid in Áras Uí Rathaille agus ar Ionad Cónaithe Gaeilge na Mac Léinn i mBrú na hOllscoile, Áras Uí Thuama.

- Chonacthas na hoifigí agus na háiseanna teagaisc ar fad.

- Bhíothas i mBrú na hOllscoile ag Crosaire Victoria. Chuaigh caighdeán na cóiríochta i bhfeidhm go mór ar an PGA.

Anailís ina Iomláine

An Féin-Mheasúnú agus an Anailís SWOT

Bhí an Tuairisc Fhéinmheasúnaithe agus an Anailís SWOT mion agus cuimsitheach den chuid is mó. Chomhlánaigh an Plean Straitéiseach a cuireadh ar fáil le linn na cuairte iad. Bhraith an PGA go raibh an Anailís SWOT an-úsáideach. Dheimhnigh an PGA a chuid torthaí le linn an Athbhreithnithe Cáilíochta agus d'aontaigh an PGA leis na láidreachtaí, laigí, deiseanna agus dúshlán lárnacha a d'aithin an IGL.

Tagairmharcáil

Aithnímid ó na céimeanna tosaigh tagairmharcála go mbeadh sé tairbheach don Ionad teagmháil a dhéanamh le haonad idirnáisiúnta inchomparáide.

Torthaí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe

Rialachas

Moladh 1. Aithnítear an gá le Grúpa Comhairleach/Straitéiseach de 6/7 ball a bheadh freagrach as forbairt straitéiseach an Ionaid. Ba cheart go mbeadh oifigeach sinsearach de chuid na hOllscoile ina chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach seo, agus daoine ó laistigh agus ó lasmuigh den Ollscoil ina mbaill. Bheadh an Coiste Comhairleach ann ar bhonn píolótach go dtí an chéad athbhreithniú eile. An chéad tasc ná an plean straitéiseach a athnuachan.

Moladh 2. Molaimid go mbeadh an Stiúrthóir ina bhall de Bhord na Gaeilge agus go mbeadh ball eile de IGL mar rúnaí ar Bhord na Gaeilge. Moladh go mbeadh an Príomhoifigeach san Oifig Chorparáideach nó a ionadaí ar Bhord na Gaeilge, toisc na dualgais atá ar an oifig sin de bharr Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Moladh 3. Aithníonn an fhoireann an gá atá leis an Acht Teanga a chur i bhfeidhm agus go bhfuil an scéim á feidhmiú i gCOC. Aithnítear chomh maith gur ceist leochaileach í chomh fada is a bhaineann le poist airithe agus gur gá bheith discréideach faoin modh imeachta a úsáidtear maidir leis an mbealach a chuirtear in iúl do dhaoine go gcaithfí cloí leis. B'fhéarr go mbeadh an treoir seo ag teacht ó fhoinse Oifig Chorporáideach COC.

Seirbhísí

Tá IGL eisceachtúil ó thaobh seirbhísí de. Léiríonn sé ceannródaíocht láidir agus tá sé réamhghníomhach ag aimsiú deiseanna chun cur leis na seirbhísí agus ioncam a thuilleamh.

Cuireann IGL le luach seirbhísí aonad eile. Féachtar air mar eiseamláir agus mar cheannródaithe i nglacadh le bealaí nua agus ina dtabhairt isteach, mar shampla i réimse na n-oideolaíochtaí. Ba é IGL an chéad aonad san Ollscoil a thug isteach an seomra ranga soghluaiste. Sampla eile a bhfuil suntas ar leith ag baint leis ná a rannpháirtíocht sa tionscnamh “Bridging the Gap” chun rannpháirtíocht san Ollscoil a leathnú (2002-2009) Leanadh den rannpháirtíocht san iarracht seo fiú nuair a tháinig deireadh leis an tionscnamh féin.

Moladh 4. Aithnímid an tábhacht atá ag baint le Dún Chíomháin faoi láthair. Molaimid go ndéanfaí treisiú ar an bplé idir OÉG agus COC chun comhpháirtíocht a chothú maidir leis an ollscolaíocht Ghaeilge a chur chun cinn i gceantar Chorca Dhuibhne.

Moladh 5. Tá fás ag teacht ar an ngá le haistriúchán agus tá gá le hé a choimeád faoi bhreithniú de réir mar a fhásann sé. Tá tábhacht an aistriúcháin ag méadú i gcomhthéacs scéim na teanga agus ba cheart don bhainistíocht a chinntiú go bhfuil soláthar acmhainní cuí ar fáil.

Moladh 6. Aithníodh tábhacht na gcúrsaí teagaisc. Ba cheart tógáil orthu agus dul ó bhunchúrsaí go cúrsaí feidhmeacha in oiriúint do riachtanais na foirne m.sh. muintir an leabharlainne, lucht fáiltithe.

Foireann

Tháinig méadú ar an bhfoireann de bharr an athbhreithnithe dheireanaigh. Tá an fhoireann so-fhreagrach, an-dearfach ar fad agus muiníneach as a gcuid oibre. Is léir go bhfuil *esprit de corps* maith ann agus bród maidir le COC. Tá an fhoireann óg agus tá meascán maith ó thaobh aoiseanna agus inscne. Oibríonn siad mar fhoireann.

Aithníonn an PGA an tacaíocht leanúnach a thugtar d'fhorbairt foirne agus is mian leis an PGA go leanfaidh sé seo i gcás gach ball foirne, an Stiúrthóir san áireamh.

Moladh 7. Molann an PGA go n-aontódh an fhoireann ar dháileadh freagrachtaí níos foirmeálta agus go nglacfaidís freagracht as maoirsiú a dhéanamh ar réimsí ar leith ó lá go lá chun leanúnachas seirbhíse a dheimhniú go héifeachtach.

Mic léinn

Moladh 8. Mar spreagadh breise do dhul chun cinn na Gaeilge moltar forbairt a dhéanamh ar scéim na scoláireachtaí. Tá táille de €5,500 ann faoi láthair le scoláireacht €500 ag deireadh na bliana. Moltar

- an scoláireacht a ardú go €1,000, le híslíú táille €500 ag an tús,
- an scoláireacht a íoc in dhá ghála, agus
- go mbeadh dualgas ar na mic léinn ar fad imeachtaí a eagrú agus go mbeadh creidiúint ag baint leis seo.

Molann an PGA go méadófaí ar líon na scoláireachtaí chun go mbeadh teach ann le 40 mac léinn.

Moladh 9: Moltar cabhair a thabhairt don Chuallacht chun tacú le cruinneas gramadaí ina gcuid foilseachán; duine d'fhoireann IGL a ainmniú gach bliain mar dhuine teagmhála go ginearálta leis na mic léinn.

Cóiríocht

Aithnítear go bhfuil áiseanna maithe ó thaobh leabharlainne agus córas ríomhaireachta de ann. Tá an trealamh atá ar fáil go hiontach agus tá seomra breá teagaisc ag an Ionad. Tá sé tábhachtach go gcuirfí breis spáis ar fáil go luath. Ba cheart go mbeadh cóiríocht oiriúnach ann don fhoireann in oiriúint do obair ghairmiúil na foirne. Aithníonn an PGA go bhfuil fadhb spáis ann agus go bhfuil cuid den fhoireann ag roinnt oifigí. Is maith leis an PGA a thabhairt faoi deara go bhfuil céimeanna á nglacadh chun é seo a chur ina cheart.

Moladh 10. Moladh go gcuirfí le huaireanta oscailte an tSeomra Caidrimh agus go gcuirfí seomra caidrimh eile ar fáil do na mic léinn.

Moladh 11. Molann an PGA go láidir go mbeadh aon spás nua a chuirfí ar fáil in aice an Ionaid chun aitheantas fisiciúil an aonaid a choimeád.

Airgeadas

De bhreis ar an maoiniú ó bhuiséad lárnach COC, tá teacht ag IGL ar thrí shruth ioncaim:

1. Leithdháileadh ó bhuiséad lárnach IGL €40,000 (neamhphá, a chinneann an Cláraritheoir). Is íslíú é seo ó €62,000 in 2008/9 agus ó €50,000 in 2009/10.
2. Spriocmaoiniú imfhálaithe le haghaidh tionscnamh Gaeilge; is é an Cláraritheoir a chinneann conas a leithdháiltear é seo; is é €485,000 an t-iarmhéid carntha atá ar fáil faoi láthair do IGL. Baineadh úsáid as an maoiniú €160,000 in 2010/11 mar thacaíocht do 3 phost ar €185,000.
3. A ioncam féin; sa bhliain 2009/10, fuarthas €75,000 in ioncam ó chúrsaí agus €4,000 ó aistriúchán.
4. Is é €485,000 an t-iarmhéid carntha atá ar fáil do IGL. Molann an PGA go dtógfar céimeanna láithreach chun úsáid a bhaint as an gciste seo chun a chuid gníomhaíochtaí agus tionscnamh a chur chun cinn mar chuid dá Phlean Straitéiseach cúig bliana.

Nótálann an PGA gurb ionann an leithdháileadh reatha de €40,000 agus laghdú i bhfad níos mó ná an laghdú *pro rata* ar fud na hOllscoile. Go híorónta, d'fhéadfaí féachaint air seo mar phionós ar an IGL toisc go n-éiríonn lena chur chuige fiontrach ioncam seachtrach a ghiniúint.

Fiú agus deacrachtaí airgeadais reatha á dtabhairt san áireamh, bheifí ag súil leis go mbeadh eolas ag an IGL faoina leithdháileadh ó fhoinsí éagsúla go luath sa bhliain airgeadais, ar aon dul leis an dea-chleachtas airgeadais is fearr.

Tugann an PGA aitheantas do thionscnaimh réamhghníomhacha an IGL chun ioncam nach dtagann ón Státchiste a ghiniúint. Féachtar air mar eiseamláir a bhféadfadh aonaid eile aithris a dhéanamh air. Tá dea-cháil ar an IGL go himmheánach agus go seachtrach.

Moladh 12. Ba chóir don IGL plean straitéiseach airgeadais 5 bliana a chur le chéile.

Cumarsáid

Ba chóir don chumarsáid inmheánach a bheith níos foirmeálta. Moladh ceangal foirmeálta le coiste na Cuallachta, go mór mór ó thaobh úsáid na meán sóisialta.

Tá ceangal láidir neamhfhoirmeálta i measc na foirne. Moladh cruinnithe rialta, ar a laghad ceithre cinn sa bhliain, a bheith ann don fhoireann go léir.

Moladh 13. Tá gá le córas cumarsáide níos foirmeálta. Moladh cruinniú rialta, ar a laghad ceithre cinn sa bhliain, a bheith ann don fhoireann go léir (Dún Chíomháin san áireamh), agus go mbeadh béim ar an bhfoireann go léir a bheith i láthair.

Moladh 14. Ba cheart gach deis a úsáid chun bolscaireacht a dhéanamh m.sh. *UCC News*.

Cur i bhfeidhm na Moltaí a deineadh san Athbhreithniú Cáilíochta deireanach

Tugaimid faoi deara gur cuireadh i bhfeidhm formhór na moltaí ón athbhreithniú deireanach.

Tagairmharcáil

Moladh 15. Molaimid comparáid a dhéanamh le dream oiriúnach idirnáisiúnta, m.sh. sa Bhreatain Bheag.

Moladh 16. Mar réiteach i gcomhair an phróisis seo, ba cheart do IGL dul i gcomhairle lena mhacasamhla ar fud oileán na hÉireann.

Achoimre ar na Moltaí

Tá moltaí na foirne tógtha san áireamh.

1. Aithnítear an gá le Grúpa Comhairleach/Straitéiseach de 6/7 ball a bheadh freagrach as forbairt straitéiseach an Ionaid. Ba cheart go mbeadh oifigeach sinsearach de chuid na hOllscoile ina chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach seo, agus daoine ó laistigh agus ó lasmuigh den Ollscoil ina mbaill. Bheadh an Coiste Comhairleach ann ar bhonn píolótach go dtí an chéad athbhreithniú eile. An chéad tasc ná an plean straitéiseach a athnuachan.
2. Molaimid go mbeadh an Stiúrthóir ina bhall de Bhord na Gaeilge agus go mbeadh ball eile de IGL mar rúnaí ar Bhord na Gaeilge. Moladh go mbeadh an Príomhoifigeach san Oifig Chorpáraideach nó a ionadaí ar Bhord na Gaeilge, toisc na dualgais atá ar an oifig sin de bharr Acht na dTeangacha Oifigiúla.
3. Aithníonn an fhoireann an gá atá leis an Acht Teanga a chur i bhfeidhm agus go bhfuil an scéim á feidhmiú i gCOC. Aithnítear chomh maith gur ceist leochaileach í chomh fada is a bhaineann le poist airithe agus gur gá bheith discréideach faoin modh imeachta a úsáidtear maidir leis an mbealach a chuirtear

in iúl do dhaoine go gcaithfí cloí leis. B'fhearr go mbeadh an treoir seo ag teacht ó fhoinse Oifig Chorpáraideach COC.

4. Aithnímid an tábhacht atá ag baint le Dún Chíomhain faoi láthair. Molaimid go ndéanfaí treisiú ar an bplé idir OÉG agus COC chun comhpháirtíocht a chothú maidir leis an ollscolaíocht Ghaeilge a chur chun cinn i gceantar Chorca Dhuibhne.
5. Tá fás ag teacht ar an ngá le haistriúchán agus tá gá le hé a choimeád faoi bhreithniú de réir mar a fhásann sé. Tá tábhacht an aistriúcháin ag méadú i gcomhthéacs scéim na teanga agus ba cheart don bhainistíocht a chinntiú go bhfuil soláthar acmhainní cuí ar fáil.
6. Aithníodh tábhacht na gcúrsaí teagaisc. Ba cheart tógáil orthu agus dul ó bhunchúrsaí go cúrsaí feidhmeacha in oiriúint do riachtanais na foirne m.sh. muintir an leabharlainne, lucht fáiltithe.
7. Molann an PGA go n-aontódh an fhoireann ar dháileadh freagrachtaí níos foirmeálta agus go nglacfaidís freagracht as maoirsiú a dhéanamh ar réimsí ar leith ó lá go lá chun leanúnachas seirbhíse a dheimhniú go héifeachtach.
8. Mar spreagadh breise do dhul chun cinn na Gaeilge moltar forbairt a dhéanamh ar scéim na scoláireachtaí. Tá táille de €5,500 ann faoi láthair le scoláireacht €500 ag deireadh na bliana. Moltar
 - an scoláireacht a ardú go €1,000, le híslíú táille €500 ag an tús,
 - an scoláireacht a íoc in dhá ghála, agus
 - go mbeadh dualgas ar na mic léinn ar fad imeachtaí a eagrú agus go mbeadh creidiúint ag baint leis seo.Molann an PGA go méadófaí ar líon na scoláireachtaí chun go mbeadh teach ann le 40 mac léinn.

9. Moltar cabhair a thabhairt don Chuallacht chun tacú le cruinneas gramadaí ina gcuid foilseachán; duine d'fhoireann IGL a ainmniú gach bliain mar dhuine teagmhála go ginearálta leis na mic léinn.
10. Moladh go gcuirfí le huaireanta oscailte an tSeomra Caidrimh agus go gcuirfí seomra caidrimh eile ar fáil do na mic léinn.
11. Molann an PGA go láidir go mbeadh aon spás nua a chuirfí ar fáil in aice an Ionaid chun aitheantas fisiciúil an aonaid a choimeád.
12. Ba chóir don IGL plean straitéiseach airgeadais 5 bliana a chur le chéile.
13. Tá gá le córas cumarsáide níos foirmeálta. Moladh cruinniú rialta, ar a laghad ceithre cinn sa bhliain, a bheith ann don fhoireann go léir (Dún Chíomhán san áireamh), agus go mbeadh béim ar an bhfoireann go léir a bheith i láthair.
14. Ba cheart gach deis a úsáid chun bolscaireacht a dhéanamh m.sh. *UCC News*.
15. Molaimid comparáid a dhéanamh le dream oiriúnach idirnáisiúnta, m.sh. sa Bhreatain Bheag.
16. Mar réiteach i gcomhair an phróisis seo, ba cheart do IGL dul i gcomhairle lena mhacasamhla ar fud oileán na hÉireann.

IONAD NA GAELGE LABHARTHA

CLÁR AMA DO CHUAIRT AN PHIARGHRÚPA ATHBHREITHNITHE (PGA)

| Dé Luain 21 Márta 2011 | | | |
|--|---|--|--|
| 16.00 | Tionól an Phiarghrúpa Athbhreithnithe Miontreoir le tabhairt ag Stiúrthóir an Aonaid um Athbhreithniú Feabhais, COC, Dr. N. Ryan. Deánfaidh an Grúpa an sceideal déanach oibre a chomhaontú agus dáilfear cúraimí don chéad 2 lá eile. | | |
| 19.00 | Dinnéar do bhaill an Phiarghrúpa Athbhreithnithe agus do bhaill den choiste comhordanaithe. Baill d'fhoireann Ionad na Gaeilge Labhartha: Pól Ruiséal Brian Ó Donnchadha Ms Marian Ní Shúilliobháin | | |
| Dé Máirt 22 March 2011 | | | |
| 08.30 | Tionól an Phiarghrúpa Athbhreithnithe | | |
| 08.45 | Pól Ruiséal Uas, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha | | |
| 09.30 | Cruinniú le baill d'fhoireann IGL | | |
| 10.30 | Tae/Caife | | |
| 11.00 | <table border="0" style="width: 100%;"> <tr> <td style="width: 50%; vertical-align: top;"> Cruinnithe le baill fhoirne aonair d'fhoireann IGL <i>An tOll. L. Mac Mathuna</i> <i>Dr. R. Ó Dubhghaill</i> <u>Group 1</u> 11.00 Nuala de Búrca 11.20 Brian Ó Donnchadha 11.40: Gobnait Ní Loingsigh 12.00: Marian Ní Shúilliobháin </td> <td style="width: 50%; vertical-align: top;"> Cruinnithe le baill fhoirne aonair d'fhoireann IGL <i>An tOll. D. MacHale</i> <i>Dr. D. Mac Giolla Chríost</i> <i>P. Ó hAoláin, Uas</i> <u>Group 2</u> 11.00 Áine Ní Gadhra 11.20: Claire Ní Mhuirthile 11.40: Seán Ó Laoi 12.00: Cearbhall Ó Colmáin </td> </tr> </table> | Cruinnithe le baill fhoirne aonair d'fhoireann IGL <i>An tOll. L. Mac Mathuna</i> <i>Dr. R. Ó Dubhghaill</i> <u>Group 1</u> 11.00 Nuala de Búrca 11.20 Brian Ó Donnchadha 11.40: Gobnait Ní Loingsigh 12.00: Marian Ní Shúilliobháin | Cruinnithe le baill fhoirne aonair d'fhoireann IGL <i>An tOll. D. MacHale</i> <i>Dr. D. Mac Giolla Chríost</i> <i>P. Ó hAoláin, Uas</i> <u>Group 2</u> 11.00 Áine Ní Gadhra 11.20: Claire Ní Mhuirthile 11.40: Seán Ó Laoi 12.00: Cearbhall Ó Colmáin |
| Cruinnithe le baill fhoirne aonair d'fhoireann IGL <i>An tOll. L. Mac Mathuna</i> <i>Dr. R. Ó Dubhghaill</i> <u>Group 1</u> 11.00 Nuala de Búrca 11.20 Brian Ó Donnchadha 11.40: Gobnait Ní Loingsigh 12.00: Marian Ní Shúilliobháin | Cruinnithe le baill fhoirne aonair d'fhoireann IGL <i>An tOll. D. MacHale</i> <i>Dr. D. Mac Giolla Chríost</i> <i>P. Ó hAoláin, Uas</i> <u>Group 2</u> 11.00 Áine Ní Gadhra 11.20: Claire Ní Mhuirthile 11.40: Seán Ó Laoi 12.00: Cearbhall Ó Colmáin | | |
| 12.30 | Lón | | |
| 14.00 | Cuairt go dtí an tIonad Cónaithe i mBrú na Laoi. Beidh an PGA á thionlacan ag Pól Ruiséal, Uas., agus Brian Ó Donnchadha, Uas. (IGL) | | |
| 14.55 | <u>Cruinnithe le Mic Léinn</u> Maedhbh de Brún Siobhán de Paor Karen Nic Aodha (<i>Hayes</i>) Fodhla Ní Chonchúir | | |

| | |
|----------------------------------|---|
| | Rút Nic Ginneá Dónall Ó Cuilleanáin Mr. Caoimhín Ó Muirgheasa |
| 15.35 | <u>Cruinnithe le Mic Léinn</u> Caoimhe Donnellan Cady Koenigs Elaine Linehan Éanna Mac Gearailt Colm Murphy Áine Ní Chartúir Maggie O'Connell Séamus Ó Grádaigh Anne Parrin |
| 16.15 | <u>Cruinnithe le baill fhoirne d'fhoireann COC</u> Neil Buttimer Michael Byrne Tracey Connolly Dick Hogan Fiachra Long Anne Mallon Crónán Ó Doibhlin J.P. Quinn |
| 17.00 | <u>Ionadaithe na bpáirtithe leasmhara, iar-céimithe agus fostóirí</u> Geraldine Boylan Olive Byrne Marian McCarthy Aidan O'Donovan Liam Ó Riarda Alan Titley |
| 19.00 | Cruinniú den Phiarghrúpa Athbhreithnithe d'fhonn gnéithe a bheidh fanta ar an gclár a shoiléiriú, agus d'fhonn tasacanna a thabhairt chun críche don lá ina dhiaidh sin. Beidh dinnéar príobháideach oibre ann ina dhiaidh sin. |
| Dé Céadaoin 23 March 2011 | |
| 08.30 | Tionól an Phiarghrúpa Athbhreithnithe |
| 08.45 | An tOll. Paul Giller |
| 09.15 | Donnchadh Ó hAodha, Cathaoirleach, Bord na Gaeilge |
| 10.15 | Tae/Caife |
| 10.45 | Cormac McSweeney |
| 11.00 | An tOll. Grace Neville |

| | |
|-------|---|
| 11.20 | Con O'Brien, Uas. |
| 11.50 | Cuairt ar Áras Ui Thuama |
| 13.00 | Lón Oibre |
| 14.00 | Ullmhú an chéad dréachta den tuairisc dheireanach |
| 16.40 | An Stiúrthóir Pól Ruiséal |
| 17.00 | Cur i láthair déanach ann le déanamh os comhair gach duine d'fhoireann IGL ag Cathaoirleach an Phiarghrúpa Athbhreithnithe ag déanamh achoimre ar bhunchinntí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe. |
| 19.00 | Dinnéar príobháideach oibre do bhaill den Phiarghrúpa Athbhreithnithe d'fhonn dréachtú na tuairisce agus socruithe a chríochnú ionas go mbeidh an tuairisc dhéanach curtha le chéile agus curtha isteach go pras. |